Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

9619/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0033(COD)

SOC 331
EMPL 214
SAN 255
IA 117
CODEC 921

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6417/23 - COM(2023) 71 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 13 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach agus dé-isicianáití[1].

[1] 6417/23.

2. Is é is aidhm don tionscnamh feabhas a chur ar chosaint oibrithe ar cheimiceáin chontúirteacha trí na teorainnluachanna nochta le haghaidh luaidhe a laghdú agus teorainnluachanna nochta nua a thabhairt isteach do dhé-isicianáití. Leasaítear dhá ghníomh leis an tionscnamh: le haghaidh luaidhe, Treoir (2004)/37/CE) maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú ag an obair, agus le haghaidh luaidhe agus dé-isicianáití, an Treoir (98/24/CE) maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair.

3. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 153(2)(b) i gcomhar le mír 1, pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim an 22 Márta 2023[2] lenar formhuiníodh an togra. Ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Aibreán 2023, chinn Coiste na Réigiún gan tuairim a eisiúint maidir leis an togra sin[3].

5. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh Nikolaj Villumsen (An Chlé) ina rapóirtéir. Ní dhearna an Pharlaimint cinneadh fós maidir lena seasamh.

## II. STAID NA hIMEARTHA

6. Thíolaic an Coimisiún an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 27 Feabhra 2023. Phléigh an Mheitheal an togra freisin ag na cruinnithe a bhí aici an 9 Márta, an 30 Márta, an 21 Aibreán agus an 22 Bealtaine 2023.

---

2 8667/23
3 10062/23

7. Bunaithe ar ionchur na dtoscaireachtaí, thug an Uachtaránacht idirthréimhse isteach don teorainnluach bitheolaíoch le haghaidh luaidhe go dtí mí na Nollag 2028. Ina theannta sin, mhol an Uachtaránacht leasuithe ar an téacs darb aidhm aghaidh a thabhairt ar chás ar leith na n-oibrithe a nochtadh do luaidhe cheana féin ('nochtadh stairiúil') agus na mban in aois clainne gan forais fhéideartha a chruthú chun idirdhealú a dhéanamh orthu san ionad oibre. I gcomhréir leis an gceanglas sa reachtaíocht is infheidhme, shoiléirigh an Uachtaránacht sa téacs gur substaint 'neamhthairsí' atá tocsaineach don atáirgeadh í an luaidhe. Ar deireadh, arna iarraidh sin do na toscaireachtaí, thug an Uachtaránacht isteach oibleagáid ar an gCoimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le faireachas sláinte lena n-áirítear bithmhonatóireacht.

8. An 31 Bealtaine 2023, thacaigh Coiste na mBuanionadaithe d'aon toil leis an téacs comhréitigh deiridh mar a leagtar amach in 9607/23 é agus chomhaontaigh sé é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (EPSCO) chun teacht ar Chur Chuige Ginearálta.

9. Ina theannta sin, cuireadh an Coiste ar an eolas faoi thoradh an scrúdaithe ar mheasúnú tionchair an Choimisiúin, mar a ndéantar achoimre air san Aguisín a ghabhann le 9607/23.

## IV. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle (EPSCO) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le hionadaithe Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad.

2023/0033 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 98/24/CE ón gComhairle agus Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainnluachanna le haghaidh dé-isicianáití agus luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le mír 1, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leathnaíodh raon feidhme Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] le Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], chun substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a chumhdach freisin, lena n-áirítear luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha. Mar thoradh air sin, le Treoir 98/24/CE ón gComhairle[6], ar Treoir í a bhfuil an t-oibreán ceimiceach sin agus a chomhdhúile cumhdaithe cheana in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann léi, agus le Treoir 2004/37/CE, bunaítear an teorainnluach nochta ceirde céanna agus an teorainnluach bitheolaíoch céanna maidir le luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha. Ní chuirtear san áireamh leis na teorainnluachanna sin na forbairtí eolaíocha agus teicniúla agus na torthaí is déanaí lenar féidir cosaint oibrithe a neartú ar an riosca a eascraíonn as nochtadh ceirde don tocsain chontúirteach atáirgthe sin, mar a dhearbhaítear freisin leis na torthaí ó mheastóireacht arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 17a de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle[7].

---

4 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú ag an obair (an Séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

5 Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (IO L 88, 16.3.2022, lch. 1).

6 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

7 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

(2) De bhun Airteagal 1(3) di, beidh feidhm ag Treoir 98/24/CE maidir le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair gan dochar d'fhorálacha níos déine nó níos sonraí a leagtar amach i dTreoir 2004/37/CE. Tá feidhm aige sin, *inter alia*, maidir le hAirteagal 10(4) de Threoir 98/24/CE i dtaobh Iarscríbhinn IIIa de Threoir 2004/37/CE. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun débhríochtaí agus mearbhall a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na teorainnluachanna is infheidhme maidir le luaidhe agus lena comhdhúile neamhorgánacha a sheachaint, ba cheart na Treoracha sin a leasú. Leis sin, déanfar foráil maidir le teorainnluach ceangailteach nochta ceirde athbhreithnithe agus maidir le teorainnluach bitheolaíoch i dTreoir 2004/37/CE amháin, go sonrach in Iarscríbhinní III agus IIIa ina bhfuil forálacha níos sonraí maidir le substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh amhail luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha. Dá bhrí sin, na forálacha sonracha lena socraítear teorainnluach an nochta maidir le luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/24/CE agus teorainnluach bitheolaíoch maidir le luaidhe agus a comhdhúile ianacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 98/24/CE, ba cheart iad a scriosadh.

(3) Ba cheart teorainnluach athbhreithnithe nua a leagan amach i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear fianaise eolaíoch agus sonraí teicniúla atá cothrom le dáta, agus bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar thionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht na bprótacal agus na dteicnící um nochtadh a thomhas san áit oibre.

(4) I gcomhréir leis na moltaí ó Choiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, is gnách go mbunaítear teorainnluachanna do bhealach ionanálaithe an nochta i ndáil le tréimhse thagartha de mheán ualaithe thar thréimhse ama 8 n-uair an chloig (teorainnluachanna nochta fhadtéarmaigh). I gcás ceimiceáin áirithe, socraítear teorainnluachanna freisin faoi threoir tréimhse thagartha níos giorra, go ginearálta meán ualaithe de réir ama 15 nóiméad (teorainnluachanna nochta ghearrthéarmaigh) chun na héifeachtaí a eascraíonn as nochtadh gearrthéarmach a theorannú a mhéid is féidir.

(5) bogtha go 10a nua

(6) Is príomh-thocsainí ceirde atáirgthe iad an luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha ar féidir leo dul i gcion ar thorthúlacht agus ar fhorbairt an fhéatais araon agus a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar thocsaineach don atáirgeadh (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, dá bhrí sin, is substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad de réir bhrí Airteagal 2, pointe (ba), de Threoir 2004/37/CE.

---

**8** Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

(6a nua) De bhun Threoir 2004/37/CE, tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle lena shainaithint, ar bhonn na sonraí eolaíocha agus teicniúla atá ar fáil, sa cholún nodaireachta d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin, cibé acu an substaint tairsí atá tocsaineach don atáirgeadh nó substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh í substaint atá tocsaineach don atáirgeadh. Cé go gcosnaítear sláinte oibrithe leis an teorainnluach bitheolaíoch 15 µg Pb/100ml fola a mholann RAC agus a leagtar amach sa Treoir seo, ní féidir go heolaíoch leibhéal sábháilte nochta do luaidhe agus a chomhdhúile neamhorgánacha a shainaithint maidir le héifeachtaí ar fhorbairt an tsleachta. Dá bhrí sin, ba cheart nodaireacht mar 'substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh' a thabhairt isteach le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach.

(7) Is bealaí ábhartha an nochtadh ó bhéal agus an nochtadh trí ionanálú chun luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha a ghlacadh isteach i gcorp an duine. Agus na sonraí eolaíocha agus na torthaí nua is déanaí maidir le luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha á gcur san áireamh, is gá feabhas a chur ar chosaint oibrithe a nochtar do riosca féideartha sláinte, trí teorainnluachanna nochta ceirde agus teorainnluachanna bitheolaíocha le haghaidh luaidhe a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart teorainnluach bitheolaíoch athbhreithnithe 15 µg/100 ml fola a bhunú, agus teorainnluach nochta ceirde athbhreithnithe 0,03 $mg/m^3$ mar mheán ualaithe de réir ama 8 n-uair (TWA) ag gabháil leis.

(7a) D'fhéadfadh sé a bheith deacair cloí leis an teorainnluach bitheolaíoch de 15 µg Pb/100 ml fola. Is é is cúis leis an deacracht sin an t-am is gá chun bearta bainistithe riosca agus oiriúnú costasach na bpróiseas táirgthe a chur chun feidhme, go háirithe i gcás cuideachtaí atá ag feidhmiú in earnáil an táirgthe phríomhúil. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag luach idirthréimhseach 35 µg Pb/100 ml fola go dtí an 31 Nollaig 2028.

(8) Ina theannta sin, chun an faireachas sláinte ar oibrithe a nochtar do luaidhe agus dá comhdhúile neamhorgánacha a neartú agus chun rannchuidiú, dá bhrí sin, leis na bearta coisctheacha agus cosanta atá le déanamh ag an bhfostóir, is gá leasú a dhéanamh ar na ceanglais atá ann cheana nuair a nochtar oibrithe do leibhéil áirithe luaidhe agus dá comhdhúl neamhorgánach. Chuige sin, ba cheart faireachas leighis mionsonraithe a bheith ag teastáil nuair is mó an nochtadh don luaidhe agus dá comhdhúile neamhorgánacha ná 0,015 $mg/m^3$ san aer (50 % den teorainnluach nochta ceirde ) nó 9 µg/100 ml fola (thart ar 60 % den teorainnluach bitheolaíoch reatha).

(8a) Carnann an luaidhe sna cnámha agus scaoiltear go mall as sin isteach sa chóras imshruthaithe í. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh leibhéil luaidhe fola fanacht ard i bhfad tar éis an nochtadh don luaidhe a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart faireachas leighis rialta a dhéanamh le haghaidh oibrithe a sáraíonn a leibhéil fola an teorainnluach bitheolaíoch atá i bhfeidhm mar gheall ar nochtadh a tharla roimh *[dáta thrasuí na Treorach seo]*. Má bhunaítear treocht atá ag dul i laghad i dtreo an teorainnluacha atá i bhfeidhm, féadfar cead a thabhairt do na hoibrithe sin leanúint de bheith ag obair le cúraimí a bhaineann le nochtadh don luaidhe.

(9) Ba cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht riosca, lena n-áirítear faireachas sláinte sonrach lenar cheart cúinsí oibrithe aonair a chur san áireamh. Faoi cheanglais ghinearálta Threoir 2004/37/CE, tá sé d'oibleagáid ar fhostóirí a áirithiú go ndéanfar an tsubstaint a ionadú nuair is féidir é go teicniúil, go n-úsáidfear córais dhúnta, nó go laghdófar an nochtadh go dtí leibhéal chomh híseal agus is féidir go teicniúil.

(9a) Ina theannta sin, moladh i dtuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[9] nár cheart leibhéal na luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach san fhuil i measc ban in aois clainne dul thar luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach nochtar do luaidhe agus dá comhdhúile neamhorgánacha sa Bhallstát faoi seach. Mhol an Coiste um Measúnú Riosca (RAC) de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], go n-úsáidfí treoirluach bitheolaíoch toisc nach raibh fianaise eolaíoch leordhóthanach ann chun treoirluach bitheolaíoch a shocrú do mhná in aois clainne. Sa tuairim uaidh[11], mhol RAC nár cheart leibhéil fola luaidhe\ i mná in aois clainne a bheith os cionn 4,5 µg Pb/100 ml fola nuair nach bhfuil na leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, toisc nach gcosnaíonn an teorainnluach bitheolaíoch le haghaidh luaidhe féatas nó sliocht ban atá in aois clainne.

---

9 ACSH opinion on lead (2021) [Tuairim ACSH maidir le luaidhe (2021)] https://circabc.europa.eu/ui/group/cb9293be-4563-4f19-89cf-4c4588bd6541/library/60b206e1-ee10-40c2-9540-fb6510c11a0c/details

10 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.)

11 Maidir leis an meastóireacht ar na teorainneacha nochta ceirde don luaidhe agus dá comhdhúile, a rinneadh an 11 Meitheamh 2020. (Féach roinn 8.2.4. den iarscríbhinn a ghabhann leis an tuairim). https://echa.europa.eu/documents/10162/ed7a37e4-1641-b147-aaac-fce4c3014037

(9b) Dá bhrí sin, ba cheart faireachas leighis a dhéanamh ar mhná atá in aois clainne agus a bhfuil a leibhéil luaidhe fola os cionn 4,5 µg Pb/100 ml fola nó luach tagartha náisiúnta an phobail ghinearálta nach nochtar do luaidhe ar bhonn ceirde, más ann don luach sin. Is táscaire é an luach 4,5 µg Pb/100 ml fola maidir le nochtadh ach ní hea maidir le héifeachtaí díobhálacha sláinte inaitheanta. Dá bhrí sin, feidhmíonn sé mar mharcóir táscaire chun fostóirí a chur ar an eolas faoin ngá le haird ar leith a thabhairt ar an riosca féideartha sonrach sin agus le bearta a thabhairt isteach chun a áirithiú nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha sláinte forbartha san fhéatas nó i sliocht banoibrithe mar thoradh ar aon nochtadh do luaidhe agus dá comhdhúile neamhorgánacha. Comhlánaíonn an fhoráil seo na hoibleagáidí atá ann cheana maidir le measúnú rioscaí, faisnéis agus oiliúint, ar uirlisí tábhachtacha iad chun riosca a íoslaghdú.

(9c) Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún treoirlínte de chuid an Aontais a ullmhú maidir le faireachas sláinte, lena n-áirítear faireachán bitheolaíoch, treoirlínte ar cheart dóibh díriú freisin ar chur chun feidhme forálacha maidir le leibhéal luaidhe fola, agus baint mhall luaidhe ón gcolainn á cur san áireamh. Ba cheart go ndíreofaí i dtreoirlínte sin an Aontais freisin ar chur chun feidhme forálacha maidir le leibhéal luaidhe fola do mhná atá in aois clainne chun an féatas agus an sliocht a chosaint.

(9d) Tá sé ríthábhachtach nach mbeidh cosaint shábháilteacht agus shláinte an fhéatais nó shliocht na n-oibrithe baineanna ina chúis le cóir mhífhabhrach a chur ar mná i margadh an tsaothair agus nach n-oibreoidh sí chun dochair do reachtaíocht an Aontais maidir le cóir chomhionann d'fhir agus do mhná.

(10) Is íogróirí craicinn agus riospráide (asmaiginí) dé-isicianáití a d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha sláinte riospráide a bheith acu amhail asma ceirde, íogrú isicianáite agus hipir-fhreagrúlacht bhroinceach, chomh maith le galar ceirde deirmeach. D'fhéadfadh éifeachtaí imdhíoneolaíocha córasacha amhail íogrú na conaire riospráide a bheith mar thoradh ar nochtadh don chraiceann. Meastar gur oibreáin cheimiceacha ghuaiseacha de réir bhrí Airteagal 2, pointe (b), de Threoir 98/24/CE iad na dé-isicianáití agus, dá bhrí sin, tagann siad laistigh de raon feidhme na Treorach sin. Níl teorainnluach ceangailteach nochta ceirde ná teorainnluach ceangailteach nochta ghearrthéarmaigh ann faoi láthair le haghaidh dé-isicianáití ar leibhéal an Aontais.

(10a nua) Chun leibhéal cosanta níos cuimsithí a áirithiú, is gá freisin machnamh a dhéanamh ar chonairí ionsúcháin seachas ionanálú le haghaidh dé-isicianáítí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin éifeachtaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis nochtadh don chraiceann, lena n-áirítear éifeachtaí córasacha imdhíoneolaíocha. Leagtar síos nodaireachtaí breise maidir le substaintí guaiseacha agus meascáin ghuaiseacha i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(11) Ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte mar thoradh ar nochtadh do dhé-isicianáítí faoina mbun. Ina ionad sin, is féidir an gaol idir nochtadh agus riosca a shuí, lena n-éascaítear socrú teorann nochta ceirde trí leibhéal inghlactha riosca iomarcaigh a chur san áireamh. Mar thoradh air sin, ba cheart teorainnluachanna a bhunú le haghaidh na ndé-isicianáítí go léir chun an riosca a laghdú trí leibhéil nochta a ísliú. Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach fadtéarmach agus gearrthéarmach a shocrú le haghaidh an ghrúpa oibreán ceimiceach sin.

(12) Dá bhrí sin, is iomchuí teorainn nochta ceirde 6 µg NCO/$m^3$ agus teorainn nochta ghearrthéarmaigh 12 µg NCO/$m^3$ a bhunú do na dé-isicianáítí go léir agus nodaireacht íograithe craicinn, dheirmigh agus riospráide a shannadh di i gcás ina dtagraíonn NCO d'fheidhmiúghrúpaí isicianáite na gcomhdhúl dé-isicianáite. I gcomhréir le hAirteagail 6(3) agus 10 de Threoir 98/24/CE, tá faireachas sláinte tábhachtach chun luathchomharthaí agus siomptóim íograithe riospráide a shainaithint.

(13) D'fhéadfadh sé a bheith deacair teorainn nochta ceirde 6 **µg**/$m^3$ **NCO**/m3 le haghaidh dé-isicianáítí a chomhlíonadh, agus teorainn nochta ghearrthéarmaigh ghaolmhar 12 µg NCO/$m^3$ ag gabháil léi. Is é is cúis leis an deacracht sin saincheisteanna indéantachta maidir le tomhas teicniúil agus an t-am is gá chun bearta bainistíochta riosca a chur chun feidhme go háirithe in earnálacha iartheachtacha. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag luach idirthréimhseach 10 µg NCO/$m^3$ le teorainn nochta ghearrthéarmaigh ghaolmhar 20 µg NCO/$m^3$ go dtí an 31 Nollaig 2028.

---

**12** Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(14) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste um Measúnú Riosca a thug tuairimí ar an dá shubstaint. Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim leis an lucht bainistíochta agus saothair ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh. Chuaigh sé i gcomhairle freisin leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an obair, a ghlac tuairimí maidir le hathbhreithniú ar theorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúl neamhorgánach[13] agus maidir le teorainnluachanna ceirde a bhunú le haghaidh dé-isicianáití[14], agus tugadh moltaí le haghaidh nodaireachtaí iomchuí agus maidir le hathbhreithniú ar na teorainnluachanna le haghaidh dé-isicianáití ag tosú in 2029.

(15) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí grinnscrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna a bhunaítear sa Treoir seo go rialta chun comhsheasmhacht le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a áirithiú.

(16) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht a eascraíonn, nó ar dócha go n-eascróidh siad, as nochtadh oibreoirí do cheimiceáin agus do substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair lena n-áirítear rioscaí den sórt sin a chosc, a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar. De bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, is fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(17) Ós rud é gur le cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe san ionad oibre a bhaineann an Treoir seo, ba cheart í a thrasuí laistigh de 2 bhliain ó dháta a teacht i bhfeidhm.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Treoracha 98/24/CE agus 2004/37/CE a leasú dá réir sin.

**13** Féach fonóta **9**.

**14** ACSH opinion on diisocyanates (2021) [Tuairim ACSH maidir le dé-isicianáití (2021)] https://circabc.europa.eu/ui/group/cb9293be-4563-4f19-89cf-4c4588bd6541/library/0d11d394-b1e8-4e1a-a962-5ad60f4ab2ae/details

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 98/24/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(2) In Iarscríbhinn II, scriostar pointí 1, 1.1, 1.2 agus 1.3.

*Airteagal 2*

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 18a:

‘Tráth nach déanaí ná [*aon bhliain amháin roimh an spriocdháta trasuí*] ullmhóidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle go hiomchuí leis na geallsealbhóirí ábhartha, treoirlínte de chuid an Aontais maidir le faireachas sláinte, lena n-áirítear faireachán bitheolaíoch. Áireofar sna treoirlínte sin comhairle maidir le cur chun feidhme forálacha maidir le leibhéal luaidhe fola, ag cur san áireamh aistriú mall na luaidhe ón gcorp agus cosaint speisialta na mban atá in aois clainne.’

(2) Leasaítear Iarscríbhinní III agus IIIa i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 3*

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm laistigh de 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/24/CE:

### *'IARSCRÍBHINN I*

### LIOSTA DE THEORAINNLUACHANNA NOCHTA CEIRDE CEANGAILTEACHA

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE (1) | Uimh. CAS (2) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uair an chloig (3) | | | Gearrthéarmach (4) | | | | |
| | | | µg/m³ (5) | Ppm (6) | f/ml (7) | µg/m³ (5) | csm (6) | f/ml (7) | | |
| Dé-isicianáití (arna dtomhas mar NCO10) | | | 6 | | | 12 | | | Craiceann (8)<br><br>Íogrú deirmeach agus riospráide (9) | Beidh feidhm ag an teorainnluach 10 µg NCO/m3 i ndáil le tréimhse thagartha ocht n-uaire an chloig agus ag teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh 20 µg NCO/m³ go dtí an 31 Nollaig 2028. |

(1) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(2) Uimh. CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mar mheán am-ualaithe (TWA).

(4) Teorainn nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

(5) µg/m³ = micreagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh aeir ag 20 °C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

(6) ppm= codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/m3).

(7) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

(8) D'fhéadfadh sé go gcuirfí go suntasach le hualach iomlán an choirp trí nochtadh don chraiceann.

(9) D'fhéadfadh íogrú craicinn agus na conaire riospráide teacht as nochtadh don tsubstaint seo.

(10) Tagraíonn NCO d'fheidhmiúghrúpaí isicianáite na gcomhdhúl dé-isicianáite.'

**IARSCRÍBHINN II**

Leasaítear Iarscríbhinní III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn III, pointe A,

cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró a bhaineann le luaidhe neamhorgánach agus a comhdhúile:

‘

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uair an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | Ppm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$ ([5]) | ppm ([6]) | f/ml ([7]) | | |
| Luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha | | | 0.03[(8)] | | | | | | Substaint neamhthairsí atá tocsaineach don atáirgeadh | |

([1]) Is í uimhir CE, i.e. , Einecs, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a shainmhínítear i Roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

([2]) Uimh. CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

([3]) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha 8 n-uaire an chloig mar mheán am-ualaithe (TWA).

([4]) Teorainn nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár cheart nochtadh tarlú os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

([5]) $mg/m^3$ = milleagram sa mhéadar ciúbach d'aer ag 20 °C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

([6]) ppm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir ($ml/m^3$).

([7]) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

(8) Codán in-ionanálaithe.’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa:

*'IARSCRÍBHINN IIIa*

TEORAINNLUACHANNA BITHEOLAÍOCHA AGUS BEARTA FAIREACHAIS SLÁINTE

*(Airteagal 16(4))*

1. Luaidhe agus a comhdhúile ianacha

1.1. Mar chuid den fhaireachán bitheolaíoch, ní mór tomhas a dhéanamh ar an leibhéal luaidhe san fhuil (PbB) trí úsáid a bhaint as speictriméadracht ionsúcháin nó modh lena dtugtar torthaí coibhéiseacha.

Go dtí an 31 Nollaig 2028, seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach:

35 µg Pb/100 ml fola

Maidir le hoibrithe a sáraíonn a leibhéal luaidhe fola an teorainnluach bitheolaíoch 35 µg Pb/100 ml d'fhuil mar gheall ar nochtadh a tharla roimh *[dáta thrasuí na Treorach seo]*, ach atá faoi bhun 70 µg Pb/100 ml fola, déantar faireachas leighis ar bhonn rialta. Má bhunaítear treocht atá ag dul i laghad i dtreo theorainnluach 35 µg Pb/100 ml fola sna hoibrithe sin, féadfaidh an fostóir cead a thabhairt do na hoibrithe sin leanúint ar aghaidh le hobair lena mbaineann nochtadh do luaidhe.

Ón 1 Eanáir 2029, seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach:

15 µg Pb/100 ml fola

Maidir le hoibrithe a sáraíonn a leibhéal luaidhe fola an teorainnluach bitheolaíoch 15 µg Pb/100 ml d'fhuil mar gheall ar nochtadh a tharla roimh *[dáta thrasuí na Treorach seo]*, ach atá faoi bhun 35 µg Pb/100 ml fola, déantar faireachas leighis ar bhonn rialta. Má bhunaítear treocht atá ag dul i laghad i dtreo theorainnluach 15 µg Pb/100 ml fola sna hoibrithe sin, féadfaidh an fostóir cead a thabhairt do na hoibrithe sin leanúint ar aghaidh le hobair lena mbaineann nochtadh do luaidhe.

1.2. Déantar faireachas leighis más amhlaidh gur airde an nochtadh do thiúchan luaidhe san aer ná 0,015 mg/m$^3$, arna ríomh mar mheán ualaithe de réir ama thar 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, nó má dhéantar leibhéal luaidhe san fhuil níos airde ná 9 µg Pb/100 ml fola a thomhas in oibrithe aonair. Ba cheart faireachas leighis a dhéanamh freisin ar mhná atá in aois clainne agus a bhfuil a leibhéil luaidhe fola os cionn 4,5 µg Pb/100 ml fola nó luach tagartha náisiúnta an phobail ghinearálta nach nochtar do luaidhe ar bhonn ceirde, más ann don luach sin.'